Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10151/26**

**PECHE 220**
**UK 114**
**N 43**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 271 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna i gcomhair 2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 271 final.

Faoi iamh: COM(2026) 271 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2026
COM(2026) 271 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna i gcomhair 2027**

{SWD(2026) 145 final}

# 1. Réamhrá

Is é is sprioc don chomhbheartas iascaigh (CBI) cinnte a dhéanamh de go ndéanfar gníomhaíochtaí iascaireachta a bhainistiú trí chur chuige atá bunaithe ar éiceachóras chun go mbeidh siad inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na cuspóirí arb éard atá iontu tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus cur le hinfhaighteacht soláthairtí bia[1].

Tá méadú ag teacht ar líon na stoc éisc atá á n-iascach ar leibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe[2]. Léiríonn sé sin go bhfuil iarrachtaí iascach an Aontais ag rannchuidiú le spriocanna fadtéarmacha an bheartais, toisc go bhfuil an baol ann go bhféadfadh tairbhí gearrthéarmacha meathlú a dhéanamh ar staid na stoc agus leis sin meathlú a dhéanamh ar a bhfuil i ndán don ghlúin iascairí amach anseo. An tráth céanna, cé go mbíonn tionchar fós ag tosca seachas iascaigh ar stoic éisc[3][4][5][6], is toisc mhór í an iascaireacht fós a dhéanann difear do ráta básmhaireachta iascaigh agus ní mór í a theorannú má tá i ndán is go dtiocfaidh téarnamh ar na stoic uile ar mhaithe leis an nglúin iascairí atá ann faoi láthair agus don ghlúin iascairí atá le teacht.

Cuirtear i dtábhacht i meastóireacht chuimsitheach an Choimisiúin ar an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[7] go bhfuil an ráta básmhaireachta iascaigh ag titim go ginearálta. Mar sin féin, ar an iomlán níor tháinig an feabhas lena rabhhas ag coinne ar stádas caomhantais na stoc ó thaobh na bithmhaise de, d'ainneoin roinnt comharthaí dearfacha a bheith ann ar an leibhéal réigiúnach. An coigeartú neamhleor a dhéantar ar an acmhainneacht iascaireacht i leith stoic éisc i ranna cabhlaigh áirithe mar aon le gabhálacha laghdaithe i roinnt imchuacha farraige, tá siad ag leanúint de bheith ag cur isteach ar ioncaim agus tá siad ag creimeadh an bhrabúsacht fhadtéarmach. Is measa fós é sin mar gheall ar phraghsanna luaineacha breosla, agus tá uaillmhianta dícharbónaithe samhlacha gnó cabhlaigh fós chun deiridh. Ina theannta sin, tá téarnamh níos moille na stoc éisc ag cur bac ar bhrabúsacht mheántéarmach agus fhadtéarmach na hearnála iascaireachta.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

[2] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) - Faireachán ar Fheidhmíocht an Chomhbheartais Iascaigh (CETEI-Adhoc-26-01)

[3] Athruithe ar Bhithmhais Fíteaplanctóin agus ar Fhlúirse Zóplanctóin

[4] Tiúchaintí d'Ocsaigin Thuaslagtha gar do Ghrinneall na Farraige

([5]) Féach State of the Baltic Sea 2023 – HELCOM

[6] Tuarascáil ar Stádas Cáilíochta na Meánmhara - Staid na Meánmhara agus an Chósta ó 2018-2023

[7] Léirítear i meastóireacht an Choimisiúin go bhfuil dul chun cinn mall déanta maidir le hinbhuanaitheacht iascaireachta agus dúshláin leanúnacha

Chun go gcosnófar fíorbhunús rathúnas an iascaigh ní mór leanúint de thionchair dhiúltacha na hiascaireachta ar an muirthimpeallacht, ar a gnáthóga agus ar a speicis a íoslaghdú. Cé go bhfuil an Plean Gníomhaíochta Muirí[8], ó mhí Feabhra 2023, neamhcheangailteach, tá sé fós ábhartha i ndáil leis sin, lena n-áirítear trí leas a bhaint as sineirgí idir an comhbheartas iascaigh agus an reachtaíocht chomhshaoil.

Tá se ráite sa mheastóireacht freisin gur lú an líon post a cailleadh san earnáil iascaireachta ná mar a bhíothas ag coinne leis ó rinneadh athchóiriú 2013 ar CBI. An tráth céanna, níor tháinig méadú ar an meánphá san earnáil de réir an ráta lena rabhthas ag coinne, agus tá méaduithe suntasacha pá tagtha ar roinnt ranna cabhlaigh a bhuí le feabhas ar staid na stoc agus ar shamhlacha gnó barrfheabhsaithe.

Is iad sin cuid de na príomhthorthaí a bheidh mar bhonn chun Fís 2040 atá ar na bacáin a fhorbairt d’earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe[9]. Ar an iomlán, ní mór dúinn feabhas a chur ar staid shocheacnamaíoch na n-iascairí, lena n-áirítear iascairí ar mhionscála, tríd an earnáil a dhéanamh níos brabúsaí, ceann atá in ann infheistíocht a dhéanamh i nuachóiriú na gcabhlach agus san aistriú fuinnimh. Tacóidh sé sin, dá réir sin, le feabhas a chur ar tharraingteacht na hearnála do na glúine nua. Tá sé tábhachtach freisin an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a dhéanamh níos éifeachtaí.

Sa teachtaireacht seo tugtar tuairisc ar an dul chun cinn maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a bhaint amach agus ar staid chabhlach iascaireachta an Aontais, agus cuirtear faisnéis ar fáil maidir le feidhmíocht shocheacnamaíoch iascach an Aontais, chomh maith le faisnéis maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Agus an méid sin á dhéanamh, tugtar tuairisc sa teachtaireacht ar an gconair i dtreo deiseanna iascaireachta a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí na huastáirgeachta inbhuanaithe chun earnáil iascaireachta iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe a áirithiú i gcomhthéacs an phlé ar chreat dlíthiúil an Aontais.

## 2. Dul chun cinn maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach

Sa tuarascáil bhliantúil uaidh, rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le stoic éisc a thabhairt cothrom le dáta[10]. Léirítear sa tuarascáil go leanann iascach an Aontais de dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna na huastáirgeachta inbhuanaithe a chomhlíonadh. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún leanúint de bheith ag tógáil ar an mbonn láidir eolaíoch agus ar an rialachas atá bunaithe cheana féin.

[8] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh:Éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascach inbhuanaithe athléimneach (COM/2023/102 final)

[9] Iascach agus dobharshaothrú – Fís 2040

[10] Faireachán CETEI ar Fheidhmíocht an Chomhbheartais Iascaigh (STECF-Adhoc-26-01)

Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh trí chinntí maidir le bainistiú cuótaí agus iarrachtaí, ní féidir leo sin amháin inbhuanaitheacht na stoc éisc a áirithiú agus ní mór do pháirtithe leasmhara ábhartha a gcion a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim phláinéadach thriarach, arb éard é an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an truailliú, atá ag dul i bhfeidhm mó sa mhó níos ar ár n-imchuacha farraige uile. Tá tionchar freisin ag sláinte an éiceachórais mhuirí, rud a chuirtear i dtábhacht freisin sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan[11], agus ag teochtaí farraige atá ag ardú. Ní mór do na Ballstáit sonraí a sholáthar freisin chun a áirithiú go mbeidh an chomhairle eolaíoch á tógáil ar an dúshraith is fearr is féidir.

In 2024, lean éiciréigiúin **Mhuir Bhailt**, **na Mara Ceiltí** agus **na Mórmhara Thuaidh** den treocht i dtreo an meánbhrú iascaireachta a laghdú go leibhéil atá inbhuanaithe (ó 49 %, 48 % agus 73 % os cionn na spriocleibhéal básmhaireachta iascaireachta atá comhsheasmhach le huastáirgeacht inbhuanaithe ($F_{MSY}$) a bhaint amach in 2003, go 39 %, 40 % agus 5 % faoi bhun sprioc $F_{MSY}$ in 2023)[12]. I gcás Bhá na Bioscáine, tá iarrachtaí móra déanta ag iascairí stoic éisc a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Mar thoradh ar a n-iarrachtaí, rinneadh iascaigh a bhainistiú i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe le roinnt blianta anuas mar a léirítear i dtuarascáil CETEI 2022[13]. Mar sin féin, d'ainneoin laghdú ar an mbrú iascaireachta agus na n-iarrachtaí a rinne na hiascairí, is cosúil go bhfuil níos mó stoc ann nach bhfuil in ann méadú ar bhithmhais a bhaint amach, rud a d'fhéadfadh a bheith nasctha le saincheisteanna eile amhail míthuairisciú. Treisíonn sé sin an gá atá le conair atógála stoic chun ioncam iascairí a mhéadú agus chun teorainn a chur leis na luaineachtaí bliantúla i gcuótaí iascaireachta.

Tar éis roinnt blianta inar chonacthas dul chun cinn, in 2024 tháinig méadú beag ar $F_{MSY}$ i mBá na Bioscáine agus in uiscí na hIbéire agus le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar an ráta básmhaireachta iascaigh san Atlantach Thoir Thuaidh, i Muir Bhailt agus sa Mhuir Cheilteach ar an meán, tá stoic éagsúla ag dul i dtreonna éagsúla rud a fhágann bhfuil feabhsuithe ar stoic áirithe ag ceilt an mheathlaithe ar stoic eile. Ina theannta sin, tá comharthaí ann go bhfuil laghdú ag teacht ar earcaíocht agus bithmhais araon. San Atlantach Thoir Thuaidh, tá gach táscaire seachas $F_{MSY}$ ag claonadh anuas, rud a thugann ann do chúis imní.

**Sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh** tá iascaigh ilspeiceas agus roinntear go leor stoc le tíortha nach bhfuil san Aontas. Tá an ráta básmhaireachta iascaireachta ag druidim le leibhéil inbhuanaithe i gcás roinnt stoc, agus shroich 35 díobh (53 % de na stoic a measúnaíodh) $F_{MSY}$ in 2022. Mar sin féin, tá go leor stoc fós á n-iascach os cionn leibhéil inbhuanaithe. Ní mór don ghníomhaíocht leanúint de bhásmhaireacht iascaireachta a laghdú agus cuspóir uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe trí phlean bainistíochta ilbhliantúil na Meánmhara

[11] COM/2025/281 final

[12] Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar $F_{MSY}$ agus ar staid bhithmhaise na stoc éisc i ngach imchuach farraige, féach Roinn 1 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

[13] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) - Faireachán ar fheidhmíocht an Chomhbheartais Iascaigh (CETEI-Adhoc-22-01)

Thiar[14] ('Plean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar') agus trí straitéis 2030 an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM).

## 2.1 Deiseanna iascaireachta in 2026

Is sás tábhachtach iad deiseanna iascaireachta ó thaobh bainistiú iascaigh inbhuanaithe de. San **Aigéan Atlantach, i Muir Bhailt agus in Skagerrak/Kattegat**, leagtar deiseanna iascaireachta amach go príomha mar theorainneacha gabhála ar a dtugtar gabhálacha iomlána incheadaithe freisin (GIInna). I **Réigiún na Meánmhara Thiar**, mar gheall ar bhainistiú iascaigh mheasctha, socraítear deiseanna iascaireachta go príomha i dtéarmaí iarracht iascaireachta tríd an líon laethanta ar muir agus forlíontar iad le teorainneacha gabhála le haghaidh stoic agus trealamh áirithe. I **bhforéigiúin eile na Meánmhara agus sa Mhuir Dhubh**, bíonn deiseanna iascaireachta - lena n-áirítear teorainneacha iarrachta agus gabhála - ag brath ar chinntí ceangailteacha a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach in CGIM.

Tá na stoic i Muir Bhailt fós faoi bhrú ó fhoinsí seachas iascaigh freisin, as ar eascair cliseadh éiceachórais agus bithéagsúlacht dhíghrádaithe. Cé go bhfuil forbairtí dearfacha déanta maidir le roinnt stoc san **Atlantach Thoir Thuaidh**, ní mór d'iascach Mhuir Bhailt conair a leagan síos chun stoic a atógáil chun staid shocheacnamaíoch na n-iascairí a fheabhsú agus luaineachtaí ó bhliain go bliain a laghdú.

D'eisigh an Coimisiún agus ocht mBallstát ó réigiún Mhuir Bhailt ráiteas comhpháirteach[15] maidir leis an ngéarghá atá le hiascaigh a atógáil i Muir Bhailt tráth a tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le deiseanna iascaireachta i gcomhair 2026. D'aontaigh siad gur gá a iarraidh ar an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) go soláthrófaí ina comhairle bhliantúil stocshonrach faoi ghabhálacha cásnanna ina bhféachfaí leis na stoic éisc lena mbaineann a athbhunú go dtí na leibhéil bhithmhaise is gá laistigh de thráthchláir éagsúla[16]. Leis an gcomhairle sin, ba cheart saintréithe bitheolaíocha na stoc a chur san áireamh agus leibhéil ghabhála éagsúla a léiriú le haghaidh gach céime atógála ar leith[17]. Ba cheart cur chuige dá leithéid a ghlacadh san Atlantach Thoir Thuaidh maidir leis na hiascaigh sin a bhainfeadh tairbhe as conair a leagan síos chun stocaí a atógáil ionas gur féidir le hiascairí tairbhe a bhaint as staid shocheacnamaíoch fheabhsaithe agus ioncam níos fearr a fháil óna ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Maidir le **Réigiún na Meánmhara Thiar**, tá feidhm ag rialacha chéim bhuan Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar i ndáil le stoic ghrinnill ón 1 Eanáir 2025, agus é mar chuspóir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun. Ar bhonn na comhairle

[14] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/oj).

[15] Ráitis maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe

[16] Comhaontú ar ar thángthas maidir leis na deiseanna iascaireachta 2026 le haghaidh Mhuir Bhailt

[17] Iarrachtaí á stiúradh ag an gCoimisiún chun dul i ngleic le dúshláin iascaigh agus chomhshaoil i Muir Bhailt

eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, mhol an Coimisiún laghduithe breise freisin ar an iarracht le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta le haghaidh 2026, chomh maith le teorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí domhainmhara agus colmóirí a ghabhann báid eangaí. Chun dea-chleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun cuidiú le hathshlánú stoc, mhol an Coimisiún tuilleadh feabhais a chur in 2026 ar an sásra cúitimh a bunaíodh i Réigiún na Meánmhara Thiar ó bhí 2022 ann chun bearta deonacha breise a spreagadh, amhail roghnaíocht mhéadaithe agus limistéir choiscthe, lena mbeidh soithí i dteideal laethanta iascaireachta a aisghabháil laistigh de theorainn na hiarrachta iascaireachta foriomláine a leagtar amach le haghaidh 2025. Mar sin féin, chuir an Coimisiún i gcoinne an chomhaontaithe pholaitiúil ar thángthas air ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Nollag 2025, ós rud é nár lean an comhaontú polaitiúil an togra ón gCoimisiún, a bhí bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch. Is cúis imní don Choimisiún an tionchar a bheidh ag na bearta cur chun feidhme ar chonairí an téarnaimh stoic san imchuach farraige sin. Tá cistiú ón Aontas fós ar fáil chun tacú le haistriú na hearnála chuig cleachtais níos inbhuanaithe a fhorordaítear faoin scéim cúitimh, go háirithe i gcomhthéacs praghsanna luaineacha breosla, rud a chuireann samhail ghnó na gcabhlach i mbaol a thuilleadh.

Trí na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2026, lean an tAontas de bhearta gaolmhara a chur chun feidhme a eascraíonn as na pleananna ilbhliantúla CGIM chomh maith le cinntí nua-chomhaontaithe de chuid an CGIM maidir le stoic pheiligeacha agus stoic ghrinnill bheaga i Muir Aidriad agus maidir le turbard agus salán sa Mhuir Dhubh.

## 2.2 Comhaontuithe leis an Iorua, leis an Ríocht Aontaithe agus le Stáit chósta eile

Maidir le thart ar 120 GII a bhainistítear go déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe nó leis an Iorua, agus go tríthaobhach leis an dá thír sin, thángthas ar chomhaontuithe tráthúla idir an tAontas agus na tíortha sin le haghaidh 2026 bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus breithnithe socheacnamaíocha á gcur san áireamh ag an am céanna. Socraíodh formhór na GIInna i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe i gcás ina raibh comhairle ar fáil ina leith. I gcás ocht stoc d’eisigh CITM comhairle lenar moladh gabháil nialasach. I gcás na stoc uile sin, chomhaontaigh na páirtithe GIInna foghabhála ísle a shocrú chun cásanna tachta in iascaigh mheasctha a sheachaint. I gcás scadán Atlantach sa Mhuir Cheilteach, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe GII faireacháin eolaíochta a shocrú le haghaidh 2026, i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM.

Sna comhairliúcháin dhéthaobhacha idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, tugadh le fios i gcomhairle eolaíoch maidir leis an Muir Cheilteach, le Muir Éireann agus le Muir nIocht gur thit roinnt príomhstoc – trosc, cadóg, faoitín, sól agus leathóg ina measc – faoi bhun teorainneacha bitheolaíocha sábháilte, rud a rinne difear dá dtéarnamh agus a d’fhág gur laghdaíodh na deiseanna iascaireachta. Mar fhreagairt air sin, tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le raon beart feabhais arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar dhálaí stoic, lena n-áirítear roghnaíocht trealaimh fheabhsaithe, mogallmhéideanna níos mó agus gairis roghnaitheacha éigeantacha in iascaigh *Nephrops*. Bhí ról tábhachtach ag an obair

faoin gCoiste Speisialaithe um Iascach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le tacú leis na torthaí sin.

Maidir le stoic a bhainistítear go tríthaobhach sa Mhuir Thuaidh, tá treocht dhearfach le feiceáil i bhformhór na stoc a roinntear idir an tAontas, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe. Le haghaidh 2026, chomhaontaigh na páirtithe GIInna le haghaidh na stoc uile i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe nó le straitéisí bainistíochta fadtéarmacha comhaontaithe. Ghlac siad bearta freisin chun tacú le téarnamh throsc na Scairbhe Thuaidh, lena n-áirítear tréimhsí coiscthe séasúracha athbhreithnithe agus coigeartuithe ar scéim an choisc fíor-ama (RTC) ó 2026. Tháinig na páirtithe ar chomhaontú freisin maidir le samhail bhainistíochta nua agus straitéis bhainistíochta fhadtéarmach le haghaidh scadán na Mara Thuaidh, lena gcuirfear intuarthacht níos fearr ar fáil don earnáil agus lena neartófar bainistiú inbhuanaithe an stoic.

I gcomhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua, is é is aidhm don athbhreithniú ar scéim an choisc fíor-ama le haghaidh séaclaí Artacha i Ranna 3.a agus 4.a Thoir tacú le hatógáil na bithmhaise stoic, atá fós faoi bhun teorainneacha bitheolaíocha sábháilte.

Maidir leis an bhfaoitín gorm agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann, a dháiltear go forleathan ar fud an Atlantaigh Thoir Thuaidh, chomhaontaigh na Stáit chósta agus na páirtithe iascaireachta (an tAontas, an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn, Oileáin Fharó, an Ghraonlainn agus i gcás scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann, Cónaidhm na Rúise freisin) GIInna foriomlána a shocrú le haghaidh 2026 i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM. Mar sin féin, bhí sé dúshlánach teacht ar chomhaontú maidir le GII do 2026 don ronnach. I mí na Nollag, tháinig an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó ar chomhaontú maidir le GII a sháraíonn comhairle CITM faoi mhéid 71 %. Shocraigh an tAontas GII sealadach atá i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM a fuarthas i mí na Nollag 2025. Chun cothrom iomaíochta a athbhunú agus á chur san áireamh nach raibh sé i gceist ag na Stáit chósta sin a gcinneadh maidir le leibhéal an GII a athrú, i mí an Mhárta 2026[18] rinne an tAontas ailíniú le leibhéal an GII arna chinneadh ag na Stáit chósta eile sin. D'oibrigh an tAontas go dian freisin chun teacht ar chomhaontú maidir le socruithe cuimsitheacha comhroinnte don ronnach agus don fhaoitín gorm, ach níorbh fhéidir toradh rathúil a bhaint amach.

In éagmais socruithe comhroinnte cuimsitheacha agus mar gheall ar ghníomhaíochtaí aontaobhacha ó roinnt Stáit chósta, lena n-áirítear aistrithe idirbhliantúla iomarcacha, sáraíonn suim na gcuótaí ó Stáit chósta agus ó pháirtithe iascaireachta fós na GIInna foriomlána. Leanann sé sin den bhonn a bhaint d'inbhuanaitheacht na stoc atá i gceist. Leanfaidh an Coimisiún de pháirt ghníomhach a ghlacadh thar ceann an Aontais i bpléití le Stáit chósta agus é d'aidhm aige socruithe cuimsitheacha comhroinnte a thabhairt i gcrích chun na stoic sin a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

[18] Rialachán (AE) 2026/786 ón gComhairle an 30 Márta 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L, 2026/786, 31.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/786/oj

# 3. Cothromaíocht idir acmhainn iascaireachta chabhlaigh na mBallstát agus a ndeiseanna iascaireachta

Ní mór do na Ballstáit cabhlaigh a choinneáil faoi na huasteorainneacha náisiúnta a socraíodh le haghaidh acmhainneacht iascaireachta soithigh (maidir le holltonnáiste (GT) agus cumhacht innill (kW)). Ní mór do na Ballstáit a bhfuil ranna cabhlaigh acu a bhfuil éagothroime[19] léirithe acu pleananna gníomhaíochta a chur i láthair lena leagtar síos spriocanna agus uirlisí coigeartaithe chun cothromaíocht a bhaint amach le hamchlár soiléir don chur chun feidhme.

Mar sin féin, ní áirithítear le comhlíonadh uasteorainneacha acmhainneachta amháin go bhfuil cabhlaigh iascaireachta na mBallstát i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil nó go bhfuil siad ag oibriú go hinbhuanaithe.

Úsáidtear paraiméadair éagsúla chun a mheas an bhfuil cabhlach cothrom. Iarrtar ar na Ballstáit sraith paraiméadar bitheolaíoch, eacnamaíoch agus teicniúil a ríomh gach bliain agus na torthaí a chur i gcomparáid le luachanna caighdeánacha.

Tá laghdú ag teacht i gcónaí ar mhéid chabhlaigh iascaireachta na mBallstát. Tháinig laghdú thart ar 0,95 %, 1,8 % agus 1,06 % faoi seach ar an líon soithí, ar a n-olltonnáiste agus ar a gcumhacht innill in 2025[20] agus ba ann do 68 910 soitheach 1 223 500 GT agus 5 008 627 kW. Léiríonn an laghdú leanúnach ar chabhlach iascaireachta an Aontais meascán de choigeartú struchtúrach atá dírithe ar bheartais agus ailíniú eacnamaíoch atá dírithe ar fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht, ar an mbrabúsacht agus ar an iomaíochas.

Aon acmhainneacht a tharraingítear siar le cabhair phoiblí, ní fhéadfar í a ionadú[21].

As na 525 roinn cabhlaigh a bhí i gcabhlach mhórthír an Aontais, bhí táscaire bitheolaíoch amháin ar a laghad nach raibh cothrom (dearg) ag 209 díobh agus bhí táscaire eacnamaíoch amháin ar a laghad nach raibh cothrom (dearg) ag 165 roinn cabhlaigh, rud a chiallaíonn, dá bhrí sin, nach raibh na ranna sin cothrom, agus bhí treochtaí diúltacha leanúnacha ag cuid acu[22]. Dá bhrí sin meabhraíonn an Coimisiún do na Ballstáit an ceanglas ar dá réir go gcuirfidh siad '*le himeacht aimsire, bearta i bhfeidhm chun acmhainn iascaireachta a gcuid cabhlach a choigeartú dá gcuid deiseanna iascaireachta, agus* ***treochtaí á gcur san áireamh acu*** *agus beidh na bearta sin bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr,* ***ionas go mbeidh cothromaíocht chobhsaí, sheasmhach eatarthu***.'[23] Próiseas leanúnach is ea é cothromaíocht a bhaint amach idir acmhainneacht iascaireachta na gcabhlach AE agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Ní hamháin go bhfeidhmeoidh cabhlach atá cothrom níos fearr sa

[19] COM (2014) 545: TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Treoirlínte maidir le hanailís a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta de réir Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh

[20] Lena n-áirítear iascaireacht an chabhlaigh sna réigiúin is forimeallaí.

[21] Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

[22] Chun forléargas níos mionsonraithe a fháil, féach an doiciméad inmheánach oibre atá ag gabháil leis seo.

[23] Airteagal 22(1) den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

ghearrthéarma tríd an líon soithí atá in iomaíocht le haghaidh stoic éisc theoranta a bharrfheabhsú, ach cuideoidh sé freisin le cabhlaigh a bheith níos brabúsaí san fhadtéarma a luaithe a bheidh na stoic níos flúirsí. Le cabhlaigh chothroma atá níos brabúsaí réiteofar an bealach freisin don nuachóiriú agus cuirfear feabhas ar tharraingteacht na hearnála, ag téisclim i gcomhair na nglún iascairí atá le teacht[24].

Ina theannta sin, tá easpa sonraí bitheolaíocha fós ar roinnt cabhlach. Meabhraíonn an Coimisiún do na Ballstáit nach féidir measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chothromaíocht an chabhlaigh ach amháin má tá na sonraí iomlán.

D'fhoilsigh an Coimisiún staidéar ar chabhlach iascaireachta an Aontais an 28 Aibreán 2026[25]. Tugadh le fios sa staidéar sin gurb é an dúshlán uileghabhálach atá roimh earnáil na hiascaireachta an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht iascaireachta atá ar fáil nó uirlisí nuachóirithe a chur ina hionad. Tá sé tábhachtach do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun **an úsáid is fearr a bhaint as an acmhainneacht atá ar fáil chun cuidiú leis an aistriú fuinnimh** agus le nuachóiriú an chabhlaigh.

# 4. Ionchas socheacnamaíoch

De réir thuarascáil 2025 ó CETEI maidir le feidhmíocht eacnamaíoch chabhlach iascaireachta an Aontais, bhí coinne leis go mbeadh brabúis oibriúcháin nach beag déanta ag cabhlach iascaireachta an Aontais faoi dheireadh 2025, agus go sárófaí a chuid feidhmíochta in 2023 agus 2024, agus go mbeadh níos mó ná 155 200 duine fostaithe aige.

Mar sin féin, maidir leis an treocht dhearfach sin, treocht arb é an dul chun cinn i dtreo uastáirgeacht inbhuanaithe agus praghsanna breosla inacmhainne ba chúis léi den chuid is mó, meastar go n-aisiompófar í in 2026 mar gheall ar an méadú ar phraghsanna breosla muirí arb í an staid sa Mheánoirthear is cúis leis. Tá méadú mór tagtha ar phraghsanna breosla ó thús mhí an Mhárta 2026, agus bhain siad beagnach dhá oiread an mheánphraghais amach in 2025. Bhí cabhlach iascaireachta an Aontais ag íoc thart ar EUR 1-1,10 in aghaidh an lítir breosla ag deireadh mhí an Mhárta 2026.

Go dtí go bhfaighfear tuarascáil 2026 ó CETEI maidir le feidhmíocht eacnamaíoch chabhlach iascaireachta an Aontais (a bhfuil coinne léi i mí Mheán Fómhair 2026), tiocfaidh laghdú mór ar bhrabúsacht chabhlach iascaireachta an Aontais in 2026 má leanann na praghsanna arda breosla sin ar aghaidh ar feadh tamaill, de réir meastacháin luatha, rud a chuirfidh líon mór post i mbaol laistigh de chabhlaigh agus de phobail iascaireachta. Meastar freisin, i gcás chabhlach iascaireachta iomlán an Aontais, **go dtagann laghdú EUR 156 mhilliún ar ollbhrabús bliantúil mar thoradh ar mhéadú EUR 0,10 ar phraghas an bhreosla**.

[24] *New study on fishing fleet capacity and sustainability* ['Staidéar nua ar acmhainneacht agus inbhuanaitheacht an chabhlaigh iascaireachta']

[25] *New study on fishing fleet capacity and sustainability* ['Staidéar nua ar acmhainneacht agus inbhuanaitheacht an chabhlaigh iascaireachta']

Ní hionann an tionchar a imríonn na praghsanna arda breosla ar ranna cabhlaigh seachas a chéile. I gcás roinnt rann ina n-úsáidtear trealamh atá dian ar bhreosla, d'fhéadfadh suas le leath de luach iomlán na ngabhálacha a thugtar i dtír a bheith i gceist le costais fuinnimh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le staid chaillteanais faoi na leibhéil praghsanna atá ann faoi láthair. Tríd is tríd, maidir le ranna cabhlaigh a bhraitheann ar stoic a shaothraítear go hinbhuanaithe agus a mhéadaigh ar n-éifeachtúlacht fuinnimh (nó a laghdaigh ar a ndéine breosla), is gnách go mbíonn siad níos athléimní d'ainneoin na ndrochdhálaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair. **Léiríonn na treochtaí sin a thábhachtaí atá caomhnú stoc agus a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an aistriú fuinnimh i gcabhlaigh iascaireachta an Aontais**. Tá sé sin ríthábhachtach ar dhá chúis: leochaileacht na hearnála i leith praghsanna luaineacha fuinnimh a laghdú, go háirithe i gcás breoslaí iontaise, agus feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil. Tríd an aistriú chuig foinsí fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn, cosnófar an cabhlach iascaireachta ar luaineacht leanúnach agus cuirfear cleachtais inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh an gheilleagair de chun cinn san fhadtéarma.

Aithníonn an Coimisiún na hiarmhairtí móra eacnamaíocha a d'fhéadfadh teacht as cur isteach fada ar an soláthar ola agus gáis. Dá bhrí sin, tá forbairtí sa mhargadh á rianú go dian airdeallach ag an gCoimisiún. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann, mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh, ar an iascach agus ar an dobharshaothrú agus, dá bhrí sin, ar an margadh - lena n-áirítear allmhairí agus onnmhairí táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Tá na samhlacha gnó a bunaíodh chun freastal ar an margadh bia mara ag brath go mór ar fhuinneamh.

Mar fhreagairt ar an staid reatha, tá an Coimisiún tar éis a bheith ag fiosrú réiteach agus ag obair faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)[26]. Is é an cuspóir atá ann é a chur ar a gcumas do na Ballstáit tacaíocht phras a thabhairt do na hoibreoirí a ndéantar difear dóibh. Déantar foráil i Rialachán CEMID maidir le sásra géarchéime chun oibreoirí sna hearnálacha dá ndéantar difear a chúiteamh i dteagmhais eisceachtúla is cúis le míshocracht mhór sa mhargadh. Gníomhachtaíodh é uair amháin, nuair a thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Tugann an Coimisiún dá aire gur bunaíodh an ceanglas maidir le nasc cúisíoch léirithe agus cuí-réasúnaithe a bhunú idir an teagmhas eisceachtúil agus míshocracht mhór sa mhargadh. Ar an mbonn sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún cúiteamh i gcomhréir le Rialachán CEMID (Airteagal 26(2)) agus a glacadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2026[27]. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit dul ar aghaidh leis na próisis ábhartha chun an tacaíocht a chur ar fáil do na hearnálacha faoina gcláir náisiúnta CEMID i gcomhréir le rialacha bunaithe CEMID agus Rialacháin na bhForálacha Coiteanna[28]. Mar sin féin, níl sa bheart sin

[26] Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lgh. 1–49, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1139/oj)

[27] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/889 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2026 lena suitear gur teagmhas eisceachtúil é cás an Mheánoirthir ón 28 Feabhra 2026 i leith a bhfuil suaitheadh mór sna margaí mar thoradh air (IO L, 2026/889, 16.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/889/oj)

[28] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste

ach beart maolaithe gearrthéarmach i gcónaí, beart nach féidir a chur in ionad beartas agus iarracht struchtúrtha chomhleanúnach i dtreo an aistrithe fuinnimh.

## 4.1 An ghné shóisialta

Tar éis staidéar bonnlíne[29] a rinneadh in 2024, sheol an Coimisiún tionscnamh[30] lena ndéanfar measúnú ar an mbealach is fearr chun na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le hoiliúint agus deimhniú iascairí a ionchorprú i ndlí an Aontais, is é sin an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta[31]. Leis an tionscnamh, féachtar le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go n-áirítear earnáil na hiascaireachta ar cheann de na gairmeacha is contúirtí[32]. Tá réimse na hoiliúna agus an deimhnithe ar cheann de na tosca cinntitheacha maidir leis an athnuachan ó ghlúin go glúin a bhfuil gá leis chun a áirithiú go leanfar den iascaireacht ionas go gcaomhnófar, dá réir sin, soláthar sláintiúil bia do mhargaí ar fud an Aontais agus go gcoinneofar pobail chósta ar bun.

Tá dúshlán fós ag baint leis an athnuachan ó ghlúin go glúin agus meastar gur mó na dúshláin a bheidh roimhe de réir mar a théann daonra an Aontais agus na n-iascairí in aois, agus líon teoranta iontrálaithe nua ag dul le hearnáil an iascaigh feasta. Is é is cúis leis sin, i measc nithe eile, pá íseal, éiginnteacht maidir le flúirse na stoc éisc, an dearcadh ‘nach bhfuil aon todhchaí ann’ don ghairm, ualach oibre dúshlánach, flít agus teicneolaíochtaí atá ag dul in aois, agus dúshláin agus ualaí riaracháin. Cuireadh na dúshláin sin i dtábhacht **sa chéad Tuarascáil Shóisialta Bhliantúil**[33].

Sainaithnítear sa CBI inbhuanaitheacht shóisialta an iascaigh agus an dobharshaothraithe mar cheann dá phríomhchuspóirí. Le 5 bliana anuas, d’fhorbair meithleacha saineolaithe CETEI, agus EWG 24-05, 23-17, 22-14, 20-14 agus 19-03 go háirithe, raon uirlisí agus creataí sonraí faoi bhosca uirlisí an Aontais maidir leis an ngné shóisialta den iascach, lena n-áirítear:

- próifílí iascaigh náisiúnta;
- próifílí iascaigh comhphobail;
- táscairí sóisialta agus tacair sonraí ghaolmhara.

Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj)

[29] *Baseline study on the training and certification requirements for fishers in EU Member States* [‘Staidéar bonnlíne ar na ceanglais oiliúna agus deimhniúcháin d’iascairí i mBallstáit an Aontais’]

[30] Iascairí an Aontais Eorpaigh - caighdeáin oiliúna agus deimhnithe

[31] An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F), 1995

[32] Eurostat: Staitisticí maidir le timpistí ag an obair

[33] An Coimisiún Eorpach, *An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – Sonraí Sóisialta in iascach an Aontais: modheolaíocht, scaipeadh staidrimh, anailís agus meastóireacht (STECF 25-02 & 25-13),* Ballesteros, M., Kraan, M., Virtanen, J. agus Guillen, J. (eagarthóirí), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2026, https://data.europa.eu/doi/10.2760/6411168

Tacaíonn na huirlisí sin le hoibríochtú ghné shóisialta an CBI agus le comhairle chomhtháite a sholáthar. Sa Tuarascáil Shóisialta Bhliantúil tugtar forléargas comhdhlúite ar ghné shóisialta an CBI ar fud an iascaigh, an dobharshaothraithe agus na próiseála.

# 5. An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír

Is iad an t-aischur neamhdhleathach agus an t-aischur gan doiciméid na príomhrioscaí a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír le linn gníomhaíochtaí iascaireachta ar muir. Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta cuí faireacháin agus rialaithe a chur i bhfeidhm. Maidir le mainneachtain na mBallstát na bearta rialaithe is gá a ghlacadh i ndáil leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, cuireadh i dtábhacht í in iniúchtaí a rinne an Coimisiún Eorpach in 2017, 2020 agus 2022. Le foinsí eile, amhail staidéir agus tuarascálacha meastóireachta[34] ar chomhlíonadh arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), tugtar tacaíocht freisin do na heasnaimh a chuirtear i dtábhacht sna tuarascálacha iniúchóireachta agus do mhéid na faidhbe leanúnaí a bhaineann le cainníochtaí móra gabhálacha a aischur go neamhdhleathach agus gan doiciméid. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil is déanaí ó EFCA na tásca is déanaí maidir le neamhchomhlíontacht a dhéanann ranna cabhlaigh éagsúla agus a dheacra a bhíonn sé do na Ballstáit an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a rialú le gnáthmhodhanna amhail cigireachtaí ar muir.

I dteannta na srianta ar aischur, tá sé ina cheanglas freisin de chuid na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír go ndéanfar gabhálacha a 'thaifeadadh' agus a 'áireamh in aghaidh na gcuótaí i gcás inarb infheidhme'[35]. Sa chomhthéacs sin, tá sé fíor-riachtanach gabhálacha a mheá go cruinn agus iad a chlárú tar éis a meáite. Tá go leor misin fíorúcháin déanta ag an gCoimisiún sna Ballstáit chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar táirgí iascaigh a thugtar i dtír a mheá agus a chlárú i gcomhréir le rialacha an Aontais. Léirítear sna torthaí ó roinnt mhaith de na meastóireachtaí sin gurb ann do shaincheisteanna neamhchomhlíontachta maidir le clárú cruinn cainníochtaí a thugtar i dtír agus faireachán a dhéanamh ar ghlacadh cuótaí. Sna torthaí ó na hiniúchtaí ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus ó na misin fíorúcháin maidir le meá agus clárú gabhálacha léirítear saincheisteanna a bhaineann le doiciméadú cruinn gabhálacha – lena n-áirítear cainníochtaí a aischuirtear agus cainníochtaí a thugtar i dtír.

Leis an athbhreithniú ar an gcóras rialaithe iascaigh[36], tugadh isteach ceanglas sa Rialachán um Rialú maidir le soithí iascaireachta atá níos faide ná 18 méadar ar fhad, lena mbaineann ardriosca nach gcomhlíonfar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, a bheith feistithe le

[34] [Meastóireacht ar Chomhlíontacht | An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach]
[35] Airteagal 15(1) den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.
[36] Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj)

córais chianfhaireacháin leictreonaigh ón 10 Eanáir 2028. Cé go meastar go mbeidh sciar réasúnta beag de chabhlach iomlán an Aontais i gceist leis sin, meastar gur mó i bhfad an cion gabhálacha a thugtar i dtír agus a chumhdaítear leis an gceanglas. Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar an reachtaíocht thánaisteach atá le glacadh sula dtiocfaidh na forálacha sin i bhfeidhm in 2028.

Sheol an Coimisiún staidéar neamhspleách chun tacú leis an meastóireacht ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcomhthéacs na meastóireachta níos leithne ar Rialachán CBI agus foilsíodh an staidéar i mí an Mheithimh 2025[37]. Sa staidéar, cuireadh deacrachtaí rialaithe i dtábhacht freisin a tharlaíonn mar gheall ar an deacracht a bhaineann le faireachán ar muir, agus thángthas ar an gconclúid gurb amhlaidh, ar an iomlán, nach raibh an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír tar éis rannchuidiú leis an gcuspóir deireadh a chur de réir a chéile le hábhar aischurtha agus deirtear ann: *'Go dtí seo, níor laghdaíodh ar an aischur, agus leanann sé de bheith ina ghnáthnós ar fud na n-imchuach farraige uile.'* Sa staidéar sainaithníodh roinnt tosca is cúis le gan rath a bheith ar chur chun feidhme na oibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, agus é á chur i dtábhacht nach bhfuil dóthain sonraí ar fáil chun taifead a dhéanamh ar an ábhar aischurtha faoi na díolúintí atá ann faoi láthair, go bhfuil na huirlisí faireacháin agus forfheidhmithe neamhéifeachtach, go bhfuil easpa rialaithe ann, agus glacadh páirte íseal ar leibhéal an tionscail agus tuairiscíodh deacrachtaí a bheith ann maidir leis an riail a chur chun feidhme ar an láthair.

# 6. Treoshuíomhanna le haghaidh deiseanna iascaireachta 2027

## 6.1 Na príomhchéimeanna maidir leis na chéad deiseanna iascaireachta eile a shocrú

Beidh na tograí ón gCoimisiún bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil ó CITM agus CETEI. Bainfidh na tograí leas freisin as cinntí a rinneadh le linn comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le Stáit chósta eile[38], as cinntí a rinne eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) agus as anailís shocheacnamaíoch.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh freisin ar an gcomhairle ó CITM agus ó CETEI a luaithe a bheidh sí ar fáil go poiblí, agus an obair thábhachtach a rinneadh chun amlíne CETEI don Mheánmhuir Thiar a bharrfheabhsú á cur i dtábhacht. Is féidir leis na páirtithe leasmhara aiseolas a sholáthar nó moltaí a dhéanamh trí chomhairlí comhairleacha, údaráis náisiúnta agus ina n-aonar chuig an gCoimisiún.

---

[37] *Study supporting the evaluation of the landing obligation*['Staidéar lena dtacaítear leis an meastóireacht ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír']

[38] Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin éagsúla leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le Stáit chósta eile ag tosú i mí Dheireadh Fómhair 2026. Is é an aidhm atá ann iad a thabhairt i gcrích in am ionas go ndéanfar a dtorthaí a áireamh i bplé na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Nollag 2026.

Thairis sin, tá an Coimisiún ag obair chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le socruithe comhroinnte le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan le tíortha nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil socruithe den sórt sin acu, chun a áirithiú go ndéanfar stoic chomhroinnte a iascach ar bhealach inbhuanaithe.

## 6.2 Deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-imchuach farraige éagsúil

Maidir le stoic atá á mbainistiú ag an Aontas amháin i **Muir Bhailt, in Skagerrak/Kattegat agus san Aigéan Atlantach**, chomh maith le deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe agus leis an gcur chuige réamhchúraim, leanfaidh an Coimisiún de chonair a leagan síos chun an t-iascach a atógáil agus féachfaidh sé le comhairle eolaíoch ábhartha a fháil ó CITM.

Maidir le stoic chomhroinnte a bhainistítear in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le Stáit chósta eile, is é an cuspóir atá ann i gcónaí deiseanna iascaireachta a shocrú bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus breithnithe socheacnamaíocha á gcur san áireamh, agus bearta caomhnaithe fadtéarmacha a chaibidliú, lena n-áirítear straitéisí bainistíochta fadtéarmacha i gcás inarb ábhartha.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an Ríocht Aontaithe chun gealltanais dhéthaobhacha chomhpháirteacha a chur chun feidhme faoin gCoiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus béim ar leith á leagan ar stoic atá i riocht criticiúil a atógáil. Leanfar den obair go déthaobhach leis an Iorua freisin agus go tríthaobhach leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua chun iascach inbhuanaithe agus bainistiú fónta stoc comhroinnte a áirithiú, lena n-áirítear obair leanúnach ar chóras an choisc fíor-ama agus bearta breise mar chuid de chur chuige níos fadtéarmaí i leith théarnamh throsc na Scairbhe Thuaidh.

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí socruithe comhroinnte inbhuanaithe, cothroma agus cuimsitheacha a aimsiú le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan agus a bhainistítear i gcomhpháirt le Stáit chósta eile.

Maidir leis **an Meánmhuir agus an Mhuir Dhubh**, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit cinntí bainistíochta chun feidhme go dílis chun leanúint de bheith ag saothrú chuspóirí Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar agus cuspóirí phleananna ilbhliantúla CGIM[39][40]. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme na mbeart tionlacain uaillmhianach faoina gcláir náisiúnta CEMID, le tacaíocht ón gCoimisiún i gcás inar gá.

Agus an chéim bhuan de phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar i bhfeidhm, beidh sé d’aidhm ag an togra ón gCoimisiún uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun

[39] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lgh. 1–17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/oj)
[40] Pleananna bainistithe | An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir

le haghaidh na stoc uile. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin torthaí na hoibre a rinne comhlachtaí eolaíocha ábhartha chun an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil maidir leis an gcolmóir a thabhairt cothrom le dáta.

Is gá stoic roinnte a bhainistiú freisin chun inbhuanaitheacht a áirithiú in uiscí idirnáisiúnta agus **cothroime iomaíochta** a áirithiú sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Chuige sin, cumhdófar leis an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta 2027 bearta lena gcuirtear chun feidhme cinntí CGIM atá ann cheana agus bearta breise atá le glacadh ag CGIM ag a sheisiún bliantúil in 2026. Maidir le speicis na Mara Duibhe, molfaidh an Coimisiún GIInna agus cuótaí le haghaidh turbard i gcomhréir le plean ilbhliantúil CGIM, agus le haghaidh salán.

# 7. Conclúid

Cé go bhfuil feabhas ag teacht i gcónaí ar inbhuanaitheacht iascach an Aontais, tá dúshláin mhóra fós le sárú ag roinnt stoc agus imchuacha farraige. Fiú má bhíonn tionchar ag tosca eile seachas an iascaireacht ar stoic éisc, déanann an iascaireacht an-difear do staid na stoc éisc. Dá bhrí sin, ní mór leanúint de na hiarrachtaí - agus dlús a chur leo fiú - chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na stoc nach ndéantar iascaireacht orthu go fóill laistigh de spriocleibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe. Is féidir an laghdú ar bhithmhais agus ar an earcaíocht do stoic éisc a fheiceáil ar bhealach níos soiléire agus ní mór iad a chur san áireamh agus staid fhadtéarmach na stoc á meas. Bíonn bail na sláinte iascaigh ag brath ar shláinte éiceachóras freisin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí faoin bpróiseas réigiúnaithe agus bearta a mholadh chun an drochthionchar ar an muirthimpeallacht a laghdú (foghabháil spriocspeiceas agus speiceas nach spriocspeicis iad, foghabháil speiceas íogair agus drochthionchar ar ghrinneall na farraige). Féadfar é sin a bhaint amach trí mholtaí comhpháirteacha ó na Ballstáit faoi Airteagal 11 de CBI ina moltar trealamh roghnaitheach atá réidh don mhargadh agus teicneolaíocht nua-aimseartha trealaimh a chur in úsáid, chomh maith le bearta chun an brú iascaireachta ar ghnáthóga íogaire agus ar speicis íogaire agus i limistéir mhuirí faoi chosaint a theorannú. Ina theannta sin, cé go bhfuil an Plean Gníomhaíochta Muirí neamhcheangailteach, cuirtear chun cinn leis úsáid teicnící iascaireachta nach bhfuil chomh díobhálach céanna agus cosaint speiceas íogair agus gnáthóg íogair, agus béim á leagan ar chothromú chaomhnú an chomhshaoil laistigh den réaltacht shocheacnamaíoch, agus aistriú cothrom agus cóir á chur chun cinn an tráth céanna.

Is cuid thábhachtach de gheilleagar phobail chósta an Aontais é an t-iascach ach ní féidir leis leanúint ar aghaidh mura bhfuil go leor éisc le gabháil ná mura bhfeiceann glúin nua go bhfuil saol fiúntach i ndán di má théitear le gairm na hiascaireachta. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir iarracht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta agus ba cheart dlús a chur leis an aistriú fuinnimh chun earnáil iascaireachta AE atá brabúsach, iomaíoch agus athléimneach a áirithiú a bheidh in ann na dúshláin a bhaineann le praghsanna luaineacha breosla a sheasamh. D’fhéadfadh sé go bhfuil feidhmíocht lag eacnamaíoch ag baint an bhoinn cheana de shlándáil post agus de phá agus cosc á chur aici ar infheistíocht ón tionscal i nuachóiriú chabhlach iascaireachta an Aontais. Tá aghaidh á tabhairt againn anois ar an dara géarchéim bhreosla le 4 bliana anuas tar éis chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus tar éis na géarchéime breosla a

bhaineann leis an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear, rud a chuireann i dtábhacht gur gá d'earnáil na hiascaireachta feabhas a chur ar a hiomaíochas chun na géarchéimeanna sin a dhiongbháil ar bhealach níos fearr, trí infheistíochtaí agus athchóirithe atá dírithe ar a hathléimneacht, a nuálaíocht agus a haistriú fuinnimh a neartú.

Ní mór do na Ballstáit breathnú níos faide ná an t-iascach freisin chun téarnamh na stoc éisc a áirithiú trí reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán[41]. Gan muirthimpeallacht shláintiúil ná stoic éisc shláintiúla, ní féidir iascach a bheith ann do na glúnta atá le teacht. An tráth céanna, tá sé tábhachtach gné shocheacnamaíoch na hinbhuanaitheachta a chur san áireamh, lena n-áirítear dálaí oibre a dhéanamh níos tarraingtí do na glúine nua.

Ar an gcaoi sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit leanúint dá gcláir náisiúnta CEMID a chur chun feidhme, ar cláir iad a fheidhmíonn mar chumasóirí de chuid CBI agus lena dtugtar aghaidh ar riachtanais chomhchoiteanna earnáil an iascaigh maidir le hoiriúnú agus a bheith níos athléimní.

Tá an cuspóir uileghabhálach maidir le hiascaireacht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú san fhadtéarma, agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta á mbaint amach an tráth céanna, fós i gcroílár an togra ón gCoimisiún maidir le deiseanna iascaireachta. Dá bhrí sin, leanfaidh na tograí le haghaidh 2027 de chuidiú le téarnamh na stoc éisc, lena n-áirítear trí chonairí a atógáil, agus leis an dul chun cinn atá déanta cheana a choinneáil ar bun. Chun é sin a bhaint amach, braitheann an Coimisiún ar rannpháirtíocht agus tacaíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear trína gcuid iarrachtaí iascaireacht a dhéanamh ar bhealach níos roghnaithí, ós rud é nach féidir linn inbhuanaitheacht iascach an Aontais a áirithiú do na glúnta atá le teacht ach amháin trí iarracht chomhpháirteach.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar chomhairlí comhairleacha, ar na páirtithe leasmhara agus ar an bpobal aiseolas a thabhairt maidir leis an teachtaireacht seo faoin 31 Lúnasa 2026.

[41]Go háirithe, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

**AN SCEIDEAL OIBRE ATÁ BEARTAITHE**[42]

| Cathain | Cén rud |
| --- | --- |
| Mí na Bealtaine - Mí na Samhna 2026 | Comhairle eolaíochta ó CITM |
| Mí an Mheithimh - deireadh mhí Lúnasa 2026 | Comhairliúchán poiblí maidir leis an teachtaireacht |
| Deireadh mhí Lúnasa 2026 | Glacann an Coimisiún an togra maidir le deiseanna iascaireachta i Muir Bhailt |
| Lár mhí Mheán Fómhair 2026 | Glacann an Coimisiún an togra maidir le deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |
| Mí Dheireadh Fómhair - Mí na Nollag 2026 | Comhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta leis na páirtithe san Atlantach Thoir Thuaidh |
| Mí Dheireadh Fómhair 2026 | Cruinniú den Chomhairle maidir le deiseanna iascaireachta do Mhuir Bhailt<br>Comhairliúcháin leis na Stáit Chósta maidir le stoic a dháiltear go forleathan san Atlantach Thoir Thuaidh |
| Deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026 | Glacann an Coimisiún an togra maidir le deiseanna iascaireachta san Atlantach/sa Mhuir Thuaidh |
| Mí na Samhna 2026 | Seisiún bliantúil CGIM |
| Mí na Samhna 2026 | Cruinniú bliantúil an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh |
| Mí na Nollag 2026 | Measúnú stoc CETEI agus comhairle bainistíochta |
| Mí na Nollag 2026 | Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta san Atlantach/sa Mhuir Thuaidh<br>Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |

[42] Maidir le stoic arna mbainistiú ag ERBInna in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach bhfuil san Aontas, glactar na deiseanna iascaireachta tar éis chruinniú bliantúil ERBInna trí athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta.